



Tuarascáil Bhliantúil Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig

Clár an Ábhair

1	Ráiteas an Chathaoirligh	1
2	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Shóisialta	4
3	Polasaithe Cuntasaíochta NESDO	11
4	Aguisín 1: Comhaltas Bhord NESDO	14
5	Aguisín 2: Comhaltas Chomhairle NESC	14
6	Aguisín 3: Ráitis Airgeadais mar a shínigh Bord NESDO	17

Caibidil 1

Ráiteas an Chathaoirligh

Ráiteas an Chathaoirligh

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta (NESDO) faoi Acht na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta, 2006.

Is foras corparáideach é NESDO de chuid na Comhairle Eacnamaíochta agus Sóisialta (NESC) a thugann comhairle don Taoiseach ar cheisteanna bheartas straitéiseach a bhaineann le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil in Éirinn.

Cuireann NESDO seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil do NESC agus cuireann tuairiscí, riachtanais agus conclúidí faoi bhráid an Rialtais ar thionscadail a dhéanann NESC agus socraíonn foilsiú na míreanna seo ina dhiaidh sin.

Leagtha amach i bPolasaithe agus Nósanna Imeachta NESDO tá socruithe rialachas corparáideach na hOifige, lena n-áirítear feidhmeanna agus freagrachtaí Bhord agus fhoireann NESDO. Comhlíonann na Treoirínte an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus athbhreithnítear iad ar bhonn rialta. Tá mé sásta go gcomhlíonann NESDO na Treoirínte.

Bhí dhá chruinniú ag Coiste Iniúcháireachta NESDO le linn 2019: ar an 22ú Eanáir agus an 22ú Samhain. Ar an gcoiste bhí:

Ray Henry (Cathaoirleach)

Paul McGarry, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ar ghlac Nigel Clarke as Roinn an Taoisigh a áit le héifeacht 22^ú Samhain.

Sinéad Nic Coitir, NESC

Feidhmíonn Aonad Iniúcháireachta Inmheánach (IAU) Roinn an Taoisigh mar acmhainn do Bhord agus lucht bainistíochta an NESDO, ag deimhniú leordhóthanacht agus éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha an eagrais lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus bainistiú riosca.

Leagtha amach i gcáipéis Níosanna Imeachta Rialuithe Airgeadais Inmheánacha NESDO tá gnáthaimh agus caighdeáin oibríochta chuntasaíochta lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hairgead tirim, párolla, fáltais, íocaíochtaí, taisteal agus speansais, soláthar, sócmhainní seasta, slándáil theicneolaíocht na faisnéise, rialuithe buiséid agus bainistiú agus coinneáil taifead.

Le linn 2019, d'athbhreithnigh Coiste Iniúcháireachta NESDO an Clár Bainistithe Riosca agus an Clár Riosca TF, Seicliosta Éifeachtachta an Choiste Iniúcháireachta, na Ráitis Airgeadais (2018), an Chairt Iniúcháireachta Inmheánaí, an tAthbhreithniú

Bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha agus an Tuairisc Iniúchóireachta ar Thaisteal agus Cothú. Níor thángthas ar aon cheist shuntasach. Dhearbhaigh an Coiste Iniúchóireachta go rabhthas sásta le leordhóthanacht agus cuibhiúlacht an chórais rialuithe inmheánacha laistigh de NESDO.

Is é an duine céanna atá ina Phríomh-Oifigeach ar NESDO agus ina Stiúrthóir ar NESC, a fhaigheann íocaíocht as a phost mar Stiúrthóir ar NESC agus nach bhfaigheann aon luach saothair, díolaíocht ná speansais bhreise as a ról mar Phríomh-Oifigeach ar NESDO. Íoctar gach ball foirne de chuid NESDO agus NESC, an Príomh-Oifigeach san áireamh, de réir ciorcláin ábhartha pá a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá mé sásta go gcomhlíonann NESDO na ciorcláin seo.

Tá NESDO tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Cloíodh lena pholasaí gach sonrasc a íoc laistigh d'achair ama réamhshocraithe le linn na bliana agus rinneadh 97% d'íocaíochtaí faoi cheann 15 lá d'fháil an tsonraisc. Ní raibh aon dliteanais úis ann i leith na forála i gcomhair íocaíochtaí déanacha.

Deimhním nach raibh aon imeachtaí suntasacha iar-chláir chomhardaithe ann le linn 2019.

Martin Fraser

Cathaoirleach

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta

Caibidil 2
An Chomhairle Náisiúnta
Eacnamaíoch agus Shóisialach

Clár Oibre NESC 2019

D'fhoilsigh NESC na tuarascálacha seo a leanas in 2019:

Polasaí um Athrú Aeráide: An Próiseas a Bheith Ceart (Tuarascáil NESC Uimh. 147)

Aontaíonn níos mó daoine ná riamh gur gá beart uailmhianach é má táimid leis an athrú aeráide a stad. Tá Éire toilteanach níos mó a dhéanamh i bhfianaise iarrachtaí ár bpáistí agus an aosa óig, chomh maith le tuairisc agus obair leanúnach Chomhchoiste an Oireachtais chun plean uile-Rialtais a chruthú. Chun ár dtodhchaí agus na glúine atá le teacht a chosaint, aistriú cothrom a ghnóthú agus oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, is gá do bhearta torthaí a sheachadadh go práinneach agus go leanúnach.

Dírítear sa tuarascáil seo ar conas misean uailmhianach, fadtéarmach athrú aeráide a chomhtháthú le próiseas práinneach, gníomhach ar féidir leis tacú le haimsiú agus triail bearta praiticiúla a laghdaíonn astaíochtaí carbóin.

Forbairt Dírithe ar Iompar: An Deis d'Éirinn a Mheas (Tuarascáil NESC Uimh.148)

Is cineál úsáid agus forbairt talún í forbairt dírithe ar iompar (TOD) ina bhféachtar leis an líon áiteanna cónaithe, post, seirbhísí poiblí agus áiseanna atá gar do sheirbhísí ardmhínicíochta, ardchaighdeáin iompair a uasmhéadú. Léirítear i samplaí idirnáisiúnta mar a fheabhsaíonn an cur chuige seo soghluaisteacht agus an comhshaol, mar a sholáthraítear forbairt uirbeach níos éifeachtaí, níos inbhuanaithe agus mar is féidir é a dhearadh chun sciar is airde de thithíocht shóisialta, inacmhainne a chur ar fáil. Moladh sa tuarascáil seo ceithre bhunfhachtóir chun gur dóichí go dtarlódh forbairt dírithe ar iompar - seachas forbairt dírithe ar charranna - in Éirinn. Is fíís shoiléir iad de chuid na bhfachtóirí seo, cineál sainiúil cinnidh, foras saincheaptha, agus maoiniú cuí. Níl i sainaitheant agus glacadh leis an ngá atá leis na ceithre fhachtóir seo ach an chéad chéim i dtionscnamh forbairt dírithe ar iompar.

Gníomh ar son na hAeráide in Éirinn: Ceisteanna Straitéiseacha (Sraith Rúnaíochta NESC Uimh.17)

Tá an t-athrú aeráide ar na ceisteanna is práinní atá ag lucht déanta polasaithe an lae inniu agus glactar leis go forleathan gur ábhar díomá é a bhfuil déanta ag Éirinn ar son na haeráide. Cuid den mhíniú air seo an éiginnteacht faoi cé na bearta a fhéadann agus ba chóir d'Éirinn a dhéanamh agus éiginnteacht faoi cé chomh hingshlactha a bheadh aon gníomh ar son na haeráide ag grúpaí éagsúla sa tsochaí. I gcomhthéacs

seo na héiginnteachta, féadann tionchar suntasach a bheith ag an gcaoi a gcuirtear fadhb in iúl ar chinntí a dhéantar ina dhiaidh sin chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Scrúdaítear i bpáipéar na Rúnaíochta an féidir, agus cén chaoi, tuilleadh dul chun cinn sa réimse dúshlánach seo teacht de bharr chur in iúl (nó athchur in iúl) gníomhú aeráide.

Dírítear sa pháipéar ar an ríthábhacht atá leis an ngá ata le haithint agus tabhairt faoi chomhthuiscint agus an tionchar atá ag na ceithre "I" (i mBéarla): neamhréasúnacht, idé-eolaíocht, suimeanna agus institiúidí, agus cuirtear cás chun cinn don chruthú polasaí straitéiseach mar fhreagra amháin, ach a lochtanna a admháil.

Cé go bhfuil acmhainn in Éirinn i gcomhair próiseas athchruthaithe straitéiseach le cabhrú le lucht déanta polasaithe, ní mór dul i gceann an phróisis faoi phleanáil agus cur i gcrích cúramach le cois na dúthrachta. Dá mbeadh rath ar an acmhainn sin, ba chabhair é beart cruthú straitéiseach do lucht déanta polasaithe agus cinntí in Éirinn gníomhú ar son na haeráide a cheapadh agus a dhéanamh a thabharfadh sinn níos gaire don uailmhian atá curtha in iúl againn sa réimse ríthábhachtach seo.

Struchtúr Uirbeach, Pleanáil Spásúil agus Astaíochtaí Aeráide (Sraith Rúnaíochta NESD Uimh.18)

Scrúdaítear sa pháipéar Rúnaíochta seo an gaol idir Struchtúr Uirbeach, Pleanáil Spásúil agus Astaíochtaí Aeráide agus astaíochtaí a bhaineann le hiompar go háirithe. Tá fócas ar leith sa pháipéar ar chuid den bhunlitríocht ina bhféachtar leis an ngaol seo a anailísiú.

Meastar fosta sa pháipéar an cás chun cuir chuige nua a fhorbairt i meastóireacht tionchar struchtúr uirbeach agus planáil spásúil ar thacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe agus astaíochtaí iompair a laghdú. Tagann an páipéar chun críche le fócas ar ról cumasaithe struchtúr uirbeach maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe.

An tAistriú Ísealcharbóin a Tabhairt chun Cinn I gCóras Iompair na hÉireann (Páipéar Taighde NESD Uimh.13)

Saináithnítear sa taighde seo, arna choimisiúnú ag DCU, trí phríomhthéama: castachtaí atá inmheánach san iompar; tosaíochtaí in iomaíocht agus sáraíocht idir tiománaithe institiúideacha; agus an córas rialachais gan leanúnachas agus deiseanna institiúide i gcomhair comhoibriú feabhsaithe. Tógtar ar thorthaí taighde agus saináithnítear sa tuairisc sraith moltaí agus cuirtear roinnt ceistanna ar pháirtithe leasmhara ar mian leo aistriú ísealcharbóin a neartú i gcúrsaí iompair na hÉireann.

Forbairt Dírithe ar Iompar: Deis d'Éirinn a Mheasúnú. Cás-Staidéir Chúlra (Páipéar Taighde NESD Uimh.14)

Sa pháipéar cúlra seo tá anailís ar fhianaise idirnáisiúnta agus náisiúnta ar ról an iompair i leathnú chumas bainistiú gníomhach talún trí thalamh a chur ar fáil don tithíocht, forbairt uirbeach inbhuanaithe agus don athnuachan.

Cuirtear cásanna lán eolais ar fáil d'fhorbairt dírithe ar iompar (TOD), ina nochtar ceachtanna inghinearálaithe d'aon straitéis den sórt in Éirinn. Scrúdaítear an chathair ghairdín samhlaíochta darb ainm Uxcester mar shampla de shamhail forbartha do na cineálacha seo cathrach a bhaineann le hinfheistíocht san iompar. Cuireadh chun cinn

Í in aiste a bhuaigh an chéad duais i gcomórtas Eacnamaíochta Wolfson 2014. Scrúdaítear fosta taithí na pleanála réigiúnaí i gCorcaigh, lena n-áirítear pleananna chun conair iarnróid a fhorbairt. Cuirtear críoch leis an bpáipéar le tuairisc ar chuairt staidéir allamuigh go Nantes na Fraince.

Thionóil NESC ócáid amháin in 2019:

I ndiaidh chur i gcrích agus fhoilsiú píosa suntasach taighde na Comhairle ar fhorbairt dírithe ar iompar (TOD) agus mar is féidir é a chur i bhfeidhm in Éirinn, tionóladh Ceardlann Pholasaí dar teideal **Forbairt Dírithe ar Iompar: Í a Chur i bhFeidhm in Éirinn** sa Hibernian Club, Faiche Stiabhna Dé hAoine 28ú Meitheamh 2019.

Ag an gceardlann iomlán lae, tugadh le chéile gníomhaithe náisiúnta beartais ar a bhfuil freagracht as pleanáil uirbeach agus iompair agus as infheistíocht in Éirinn agus gníomhaithe idirnáisiúnta beartais as an bhFrainc, an RA, agus as an Danmhairg ar éirigh leo tionscadail TOD a chur i gcrích ar fud na hEorpa. D'fhreastail réimse leathan de ghníomhaithe polasaí as 40 eagrás ar an gceardlann.

Ba é aidhm na ceardlainne teacht ar chomhaontú faoi conas tabhairt faoi na ceisteanna suntasacha beartais a sainathnódh i dtuairisc na Comhairle ar gá iad a shárú chun forbairt dírithe ar iompar a chumasú. I bhfianaise scrúdú ar anailís na Comhairle agus na samplaí idirnáisiúnta, agus measúnú ar an bpleanáil reatha agus comhthéacs infheistíochta, is cosúil gur ann do dhúshlám a bhfuiltear le tabhairt fúthu go gearrthéarmach agus go meántéarmach. Deimhníodh sa cheardlann cur síos na Comhairle ar cheithre bhunfhachtóir atá ríthábhachtach má tá TOD le bheith ann: fíis, cinneadh, institiúid agus maoiniú. Cé go bhfuil fíis ardleibhéil curtha i bhfriotal ag an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) atá tacúil le TOD in Éirinn, má táthar lena chinntiú gur ann don chinneadh, institiúid agus maoiniú a bhfuil gá leo, ní mór dul i ngleic le roinnt ceisteanna deacra i ngach réimse.

Cruinnithe Idirnáisiúnta de Chomhairlí Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESC) Bhallstáit AE

Ghlac NESC páirt i gcruinniú bliantúil Chomhairlí Eacnamaíochta agus Sóisialta bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Choiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (EESC). In 2019, Comhairle Eacnamaíochta, Shóisialta agus Chomhshaoil na hIodáile (CNEL) a d'óstáil an cruinniú sa Róimh i Meitheamh. Chomh maith le heolas a chomhroinnt ar obair na gcomhairlí agus ar staid na gcomhráite sóisialta agus cathartha i ngach ballstát, phléigh lucht an chruinnithe an téama *'Ról an ESC san fhorbairt inbhuanaithe agus feidhmiú Cholún Chearta Sóisialta na hEorpa'*.

Cruinnithe Idirnáisiúnta de Líonra Chomhairlí Forbartha Inbhuanaithe na hEorpa (EEAC)

Ghlac NESC páirt in 27ú Comhdháil Bhliantúil Líonra Chomhairlí Forbartha Inbhuanaithe na hEorpa (EEAC), arna hóstáil ag Comhairle na Portaingéile ar an gComhshaol agus Forbairt Inbhuanaithe (CNADS) i Meán Fómhair i Liospóin, an Phortaingéil. An teideal a bhí ar an gComhdháil: *'Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí Forbartha Inbhuanaithe: Uisce, Fuinneamh agus Aigéin'*.

Cruinnithe NESC a eagraíodh le linn 2019

Bhí ceithre chruinniú ag an gComhairle i rith 2019; 3^ú Aibreán, 20^ú Meitheamh, 25^ú Meán Fómhair agus 19^ú Nollaig.

Le linn 2019, rinne an Rúnaíocht a lán cur i láthair ar obair NESC, ghlac páirt i réimse comhdhálacha, seimineár agus ceardlann agus d'fhreastail ar roinnt coistí agus meithleacha. Tá roinnt de na gníomhaíochtaí seo liostaithe thíos.

Bhí an **Dr. Rory O'Donnell**, an Stiúrthóir a d'éirigh as i Meán Fómhair 2019), ina bhall de na forais seo a leanas:

- Grúpa Rialachas Eacnamaíochta, an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha ;
- An Grúpa Stiúrtha don Chód Caiteachais Phoiblí, IGEES, DPER;
- Comhrá Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide (NDCA), DCCAE; agus
- Grúpa Comhairleach um Pleanáil Spásúil Mara.

Bhí cuireadh air mar chainteoir agus/nó le bheith rannpháirteach sna himeachtaí seo a leanas:

- Uisce agus Talmhaíocht: Riachtanais Infheistíochta Búcairist, Feabhra.
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Seimineár Tithíochta Taispeántas Shamhail Vín, Aibreán
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Gníomhaireacht Tithíochta, Tithíocht do Chách: Lóistín Inacmhainne do Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath, Aibreán
- Oxfam Éireann, 'Ise a íocann an Praghas', Baile Átha Cliath, Bealtaine.
- GCC, Comhdháil Athrú Aeráide, Baile Átha Cliath, Bealtaine.
- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Comhdháil Náisiúnta Tithíochta; 2040 - Fís na Tithíochta a Sheachadadh, Baile Átha Cliath, Bealtaine.

Nóta: Chuaigh an Dr. Rory O'Donnell ar scór ó ról an Stiúrthóra i Meán Fómhair 2019.

Bhí **An Dr. Larry O'Connell**, Eacnamaí Sinsearach agus Stiúrthóir Nuacheaptha (Meán Fómhair 2019) ina bhall de:

- Coiste Monatóireachta an Chláir Forbartha Tuaithe (RDP) 2014-2020;
- Grúpa Comhairleach ar Nuálaíocht Gháis;
- Grúpa Forfheidhmiúcháin na Bith-Eacnamaíochta;
- Grúpa Náisiúnta Pleanáil Eolais;
- Grúpa Comhordaithe Taighde ar Aeráid; agus
- Bord Comhairleach an *Earth Institute* (Leas-Chathaoirleach).

Bhí cuireadh air labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- An Comhrá Náisiúnta ar Eacnamaíocht, Rapporteur, Baile Átha Cliath, Meitheamh.

Nóta: Ceapadh an Dr. Larry O'Connell ina Stiúrthóir i Meán Fómhair 2019.

An Dr. Helen Johnston (Anailísí Sinsearach Polasaí):

Le linn 2019 bhí an Dr. Johnston ina ball de;

- An Lárionad Staidéar Trasteorann (Cathaoirleach);
- An Grúpa Teicniúil Comhairleach ar Tháscairí agus Sonraí Bochtaineachta;
- Bord Tionscnaimh Forbairt Leanaí agus Choiste Comhairleach Taighde Thamhlachta Thiar;
- Grúpa Comhairleach Saineolaithe na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe ar Phromhadh Comhionannas Buiséid;
- Líonra Forfheidhmiúcháin agus Grúpa Stiúrtha an Lárionaid Seirbhísí Éifeachtacha ;
- Grúpa Comhairleach Mheastóireacht Chlár Nurture;
- Grúpa Comhairleach Taighde Focus Ireland; agus
- Grúpa Comhairleach *Embedding Wellbeing in Northern Ireland*.

Bhí cuireadh uirthi labhairt ag na himeachtaí seo a leanas;

- ‘Access to childcare and home care services across Europe’, Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair.
- Ina Cathaoirleach ar imeacht ‘The Destruction of the Community Sector: Voices of the Communities Affected’, Baile Átha Cliath, Márta.

An Dr. Anne Marie McGauran (Anailísí Polasaí):

Le linn 2019 bhí an Dr. McGauran ina ball de;

- Grúpa Stiúrtha IN-VEST (clár margadh saothair á reáchtáil ag Lárionad Post Bhaile Munna le tacaíocht JP Morgan); agus
- Grúpa Stiúrtha ITES ar Thaighde Monatóireachta Imeachta.

Thug sí léachtaí do;

- Mic léinn Chéim an Mháistir i Lárionad Staidéir Inscne agus na mBan TCD; agus
- An Líonra Polasaí Sóisialta.

An Dr. Jeanne Moore (Anailísí Polasaí):

Le linn 2019 bhí an Dr. Moore ina ball de;

- Grúpa stiúrtha thionscadal taighde GCC ‘Greening the City’ agus ‘No Home for Plastic’
- Grúpa Comhordaithe Taighde Inbhuanaitheachta

Bhí cuireadh uirthi labhairt ar na himeachtaí/cruinnithe seo a leanas;

- Plé ar Aeráid agus iompar, Coiste Oireachtais ar Iompar, Turasóireacht agus Spórt (Meitheamh);
- Chuir sí i láthair ‘What is a Just Transition in Practice?’ ar Chomhdháil Bhliantúil an Chumainn Staidéir Polaitíochta (Deireadh Fómhair); agus
- Aoi-Léachtóir, MSc Athrú Aeráide DCU (Samhain).

An Dr. Cathal FitzGerald (Anailísí Taighde Institiúideach):

Le linn 2019, bhí an Dr. FitzGerald ina chomh-chathaoirleach ar Ghrúpa Saineolaithe ar Bheartas Poiblí Chumann Staidéar Polaitíochta na hÉireann (PSAI), agus ina chomheagarthóir ar eagrán speisialta ar iris *Administration* ar rath agus teip beartais. Rinne sé cur i láthair ag na himeachtaí seo a leanas:

- Taispeántas Náisiúnta Bonneagair agus Iompair, Baile Átha Cliath, Márta;
- Comhdháil Pholasaí ar Fhorbairt Dírithe ar Iompar, Baile Átha Cliath, Meitheamh;
- Comhdháil Idirnáisiúnta Bhliantúil an Chumainn Idirnáisiúnta Taighde sa tSíceolaíocht Eacnamaíochta (IAREP) agus an Chumainn um Chur chun Cinn na hEacnamaíochta Iompraíochta (SABE), Baile Átha Cliath, Meán Fómhair (Cathaoirleach Seisiúin; láithreoir);
- Comhdháil Bhliantúil PSAI, Má Nuad, Deireadh Fómhair;
- Coiste Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Oirdheiscirt, Ceatharlach, Deireadh Fómhair;
- Tascfhórsa Réigiúnach Aistrithe Lár Tíre, Durlas, Samhain; agus
- Coiste Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Lár-iarthair, Port Laoise, Samhain.

Noel Cahill (Eacnamaí):

Le linn 2019 bhí Noel Cahill páirteach i;

- Cruinniú le Meitheal Mheánmhara (UfM) ar Thithíocht Inacmhainne agus Inbhuanaithe, 28 Feabhra-1 Márta, i bPáras; agus i ndruchtú próifíl tithíochta d'Éirinn don UfM.
- Obair Phainéal Soláthair agus Inacmhainneachta na Gníomhaireachta Tithíochta.

An Dr. Damian Thomas (Anailísí Polasaí Sinsearach):

Le linn 2019, bhí cuireadh ar an Dr. Thomas labhairt ag;

- *Platform Mediated Work – Employment & Welfare Issue*, Grúpa Eacnamaithe IIEA, Baile Átha Cliath, Bealtaine.

Chuir sé obair i láthair ar *‘Addressing Employment Vulnerability as Part of a Just Transition in Ireland’* do;

- Coiste Stiúrtha Réigiúnach Fiontraíochta an Oirdheiscirt, Ceatharlach, Deireadh Fómhair;
- Coiste Stiúrtha Réigiúnach Fiontraíochta Lár Tíre, Durlas, Samhain;
- Coiste Stiúrtha Réigiúnach Fiontraíochta an Lár-iarthair, Port Laoise, Samhain; agus
- Coiste Stiúrtha Réigiúnach Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath, Nollaig.

Caibidil 3

Polasaithe Cuntasaíochta NESDO

Polasaithe Cuntasaíochta

3.1.1 Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil

Réitíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhrúithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ar aon dul le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leo ach má mhaítear a mhalairt.

3.1.2 Aitheantas Ioncaim

Aithnítear deontas a fhaightear ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid thirim.

Aithnítear ioncam ó dhíol foilseachán agus ioncam comhdhála nuair a chuirtear sonrasc ina leith. Má dhealraítear go mb'fhéidir nach bhfaighfí an t-airgead, déantar foráil i gcomhair fiachais amhrasacha.

Téann NESDO i mbun tionscadail chómhaoinithe le heagrais eile a d'fhéadfadh maireachtáil níos faide ná bliain. Aithnítear an t-airgead seo ar bhonn fáltais airgid thirim.

3.1.3 Airgeadraí Eachtracha

Taifeadtar idirbheartaíochtaí in airgeadraí seachas euro ag na rátaí atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheartaíochtaí nó ar dháta conartha. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais go euro ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar dháta conartha. Pléitear le difríochtaí malairte sa Ráiteas Ioncaim agus sa Chuntas Caiteachais.

3.1.4 Sócmhainní Inláimhsithe

Maítear sócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d'fhonn costas sócmhainní inláimhsithe a dhíscríobh i leith a luachanna measta iarmharacha le linn a saolré measta úsáide trí thráthchodanna bliantúla cothroma.

Is mar seo a leanas atá saolré measta úsáide sócmhainní inláimhsithe trí thagairt do dhímheas:

- Troscán: 5/10 bliain;
- Trealamh: 5 bliana.

Aoisliúntas

Tá foireann NESDO ina mbaill den scéim pinsean d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe. Is scéim neamh-ranníocaíochta í seo do phinsean agus sochair chnapshuime oifigigh. Tá ranníocaíochtaí iníoctha i leith Scéim na gCéilí agus Leanaí. Íocann an NESDO na ranníocaíochtaí seo leis an Roinn Airgeadais trí Roinn an Taoisigh. Mar sin de, níl aon dliteanas ar an NESDO i leith socruithe aoisliúntais na mball foirne seo.

Le linn 2019, chuir Roinn an Taoisigh beirt bhall foirne ar iasacht chuig an NESDO, chuir an Garda Síochána ball foirne amháin ar iasacht chuig an NESDO agus chuir an Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta ball foirne amháin ar iasacht chuig an NESDO. Bhí na baill foirne seo cumhdaithe ag na scéimeanna aoisliúntais atá ag feidhmiú ina Ranna féin.

Thug an NESDO aisíoc do na Ranna i leith thuarastal, ÁSPC an fhostóra agus aoisliúntas na mball áirithe foirne. Fabhraíodh aisíocaíochtaí ar bhonn míosúil agus íocadh iad i leith an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Coimeádta Ioncaim. Is ar an Roinn bhainteach atá an fhreagracht as párolla agus aoisliúntas na mball foirne atá ar iasacht ag NESDO.

Aguisíní

Aguisín 1 Comhaltas Bhord NESDO

- Martin Fraser, Roinn an Taoisigh (Cathaoirleach)
- Elizabeth Canavan, Roinn an Taoisigh

Príomh-Oifigeach NESDO, An Dr. Rory O'Donnell (ar scor)/Dr. Larry O'Connell (faoi láthair)¹

Aguisín 2 Comhaltas Chomhairle NESC

Is mar seo a leanas a ainmníodh comhaltas na Comhairle 2016-2019:

- Martin Fraser (Cathaoirleach)
- Elizabeth Canavan (Leas-Chathaoirleach)

Triúr comhaltaí lucht Gnó agus Fostóirí:

- Maeve McElwee, Stiúrthóir Caidreamh Fostaithe Ibec
- Tom Parlon, Ard-Stiúrthóir, CIF
- Ian Talbot, Príomhfheidhmeannach, Chambers Ireland

Triúr comhaltaí de chuid na gceardchumann:

- Patricia King, Ardrúnaí, ICTU
- Shay Cody (ar scor ó Dheireadh Fómhair) ar tháinig Joe Cunningham, Ardrúnaí, Fórsa ina áit
- Kevin Callinan, Ardrúnaí, IMPACT

Triúr comhaltaí de chuid na Feirmeoireachta agus na Talmhaíochta:

- Damian McDonald, Ard-Stiúrthóir, IFA
- John Enright, Ardrúnaí, ICMSA ar tháinig TJ Flanagan, Príomhfheidhmeannach ICOS, ina áit (Deireadh Fómhair)
- Denis Duggan, Príomhfheidhmeannach, Macra na Feirme

¹ I Meán Fómhair 2019, d'éirigh an Dr. Rory O'Donnell as a phost mar Stiúrthóir NESC agus tháinig an Dr. Larry O'Connell i gcomharba air.

Triúr comhaltaí de chuid na hEarnála Pobail agus Deonaí:

- An Dr. Seán Healy, Ceartas Sóisialta Éireann
- Bríd O'Brien, Eagrais Náisiúnta na hÉireann na nDaoine Dífhostaithe
- James Doorley, Leas-Stiúrthóir, Comhairle Óige na hÉireann

Triúr comhaltaí de chuid na hEarnála Comhshaoil:

- Michael Ewing (ar scor ó Dheireadh Fómhair) ar tháinig Karen Ciesielski, Comhordaitheoir, Colún Comhshaoil, ina áit
- Kate Ruddock, Leas-Stiúrthóir, Friends of the Earth Éireann
- Oonagh Duggan, Leascheannaire Rannáin: Polasaí agus Abhcóideacht, Bird Watch Ireland

Ceathrar comhaltaí de chuid na Seirbhíse Poiblí:

- Derek Moran, Ardrúnaí, An Roinn Airgeadais
- An Dr. Orlaigh Quinn, Ardrúnaí, An Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta
- John McCarthy, Ardrúnaí, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Robert Watt, Ardrúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Seachtar comhaltaí neamhspleácha arna n-ainmniú ag an Taoiseach:

- Philip Hamell, Roinn an Taoisigh
- An tOll. Edgar Morgenroth, DCU
- An tOll. Michelle Norris, Scoil na Eolaíochta Feidhmí, COBHÁC, Institiúid Geary
- An tOll. Paul Donnelly, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- An tOll. Sinead O'Flanagan, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn
- An tOll. Eleanor Denny, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- An tOll. Geraint Ellis, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Stiúrthóir NESC, An Dr. Rory O'Donnell (ar scor), An Dr. Larry O'Connell (faoi láthair)² Aguisín 3 Ráitis Airgeadais arna Síniú ag Bord NESDO

² I Meán Fómhair 2019, d'éirigh an Dr. Rory O'Donnell as a phost mar Stiúrthóir NESC agus tháinig an Dr. Larry O'Connell i gcomharba air.

Appendix 3 Financial Statements as Signed by NESDO Board

National Economic and Social Development Office (NESDO)

Financial Statements

For The Year Ended 31 December 2019

National Economic and Social Development Office (NESDO)

Table of Contents

Board Members and Other Information	1
Chairman's Report	2
Governance Statement and Board Members' Report	3-5
Statement on Internal Control	6-7
Report of the Comptroller and Auditor General	8
Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves	9
Statement of Financial Position	10
Statement of Cash Flows	11
Notes to the Financial Statements	12-17

National Economic and Social Development Office (NESDO)

Board Members and Other Information

Board Members: Mr. Martin Fraser (Chairman)
Ms. Elizabeth Canavan

Bankers: Allied Irish Bank
Business Centre
40/41 Westmoreland Street
Dublin 2

Head Office: 16 Parnell Square
Dublin 1

Auditor: Comptroller and Auditor General
3A Mayor Street Upper
Dublin 1

National Economic and Social Development Office (NESDO)

Chairman's Report

For the year ended 31 December 2019

The National Economic and Social Development Office (NESDO) was established under the terms of the National Economic and Social Development Office Act, 2006 and is governed by a Board which was appointed by the Taoiseach.

NESDO is the body corporate for the National Economic and Social Council (NESC) which advises the Taoiseach on strategic policy issues relating to sustainable economic, social and environmental development in Ireland.

The Board of NESDO is committed to the highest standards of Corporate Governance and has implemented the Department of Public Expenditure and Reform's Code of Practice for the Governance of State Bodies (2016).

NESDO has extensive policies and procedures guidelines in place for all staff, committees and Board members. NESDO applies the highest standards of disclosure and transparency in respect of interests held by staff, committees and Board members.

Remuneration Policy - Board Members and Executive Directors

The positions of Chief Officer of NESDO and Director of the NESC are occupied by the same person. He is paid in respect of his position as Director of NESC and receives no additional remuneration, emoluments or expenses in relation to his role as Chief Officer. All staff of NESDO and NESC, including the Chief Officer/Director are paid in accordance with relevant pay circulars issued by the Department of Public Expenditure and Reform. The Board members of NESDO and the Council members of NESC do not receive any remuneration/fees.

Going Concern

The Board has a reasonable expectation of continued Departmental funding. For this reason, it continues to adopt the going concern basis in preparing the Financial Statements. The first instalment of the 2020 Grant Income was received in January 2020.

Following a review undertaken by the Department of the Taoiseach, as part of the programme of rationalisation of State agencies, the Government agreed that NESC should become a statutory body and to dissolve the NESDO (corporate body). This work is ongoing in the Department. The NESDO Act is still effective and as such the Office is a going concern.

National Economic and Social Development Office (NESDO)**Governance Statement and Board Members' Report****For the year ended 31 December 2019****Governance**

The Board of the National Economic and Social Development Office (NESDO) was established under the National Economic and Social Development Act, 2006. The Board is accountable to the Taoiseach and is responsible for ensuring good governance and performs this task by setting strategic objectives and targets and taking strategic decisions on all key business decisions. The regular day-to-day management, control and direction of NESDO are the responsibility of the Chief Officer (CO) and NESDO management. The CO must follow the broad strategic direction set by the Board and must ensure that the Board members have a clear understanding of the key activities and decisions related to the entity, and of any significant risks likely to arise. The CO acts as a direct liaison between the Board and the management of NESDO.

Board Responsibilities

The work and responsibilities of the Board are set out in the NESDO Policies and Procedures document which also contain matters specifically reserved for Board decision. Standing items considered by the Board include:

- declaration of interests,
- reports from committees,
- financial reports/management accounts,
- performance reports, and
- reserved matters.

Section 31(1) of the National Economic and Social Development Act, 2006 requires NESDO to keep, in such form as may be approved by the Taoiseach with the concurrence of the Minister for Finance, all proper and usual accounts of money received and expended by it.

In preparing these Financial Statements, the Board is required to:

- select suitable accounting policies and apply them consistently;
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent;
- prepare the Financial Statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that it will continue in operation; and
- state whether applicable accounting standards have been followed, subject to any material departures disclosed and explained in the Financial Statements.

The Board is responsible for ensuring that adequate accounting records are kept which disclose, with reasonable accuracy at any time, its financial position and enables it to ensure that the Financial Statements comply with Section 31(2) of the National Economic and Social Development Act, 2006. The maintenance and integrity of the corporate and financial information on the NESDO's website is the responsibility of the Board.

The Board is responsible for approving an annual plan and budget. An evaluation of the performance of NESDO by reference to the annual plan and budget was carried out on 18 June, 2019.

The Board is responsible for ensuring that the assets of NESDO are adequately safeguarded and that reasonable steps are in place for the prevention and detection of fraud and other irregularities.

The Board considers that the Financial Statements of NESDO give a true and fair view of the financial performance and the financial position of NESDO at 31 December, 2019.

Board Structure

